Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Iúil 2025
(OR. en)

11223/25

LIMITE

ECOFIN 945
UEM 384
*ECB*
*EIB*

PUBLIC

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le formheas an dearaidh le haghaidh mona comórtha 2 euro arna thíolacadh ag an bhFionlainn |

1. De bhun Airteagal 10(1) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 729/2014 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2014 maidir le hainmníochtaí agus sonraíochtaí teicniúla monaí euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht[1] (dá ngairtear 'an Rialachán ón gComhairle' anseo feasta), thíolaic an Fhionlainn, trí Ardrúnaíocht na Comhairle, an dréacht-dearadh le haghaidh:

   – mona comórtha 2 euro, a bheartaítear a eisiúint in 2025, a bheidh tiomnaithe do chomóradh céad bliain na gCluichí Idirnáisiúnta idir an Fhionlainn agus an tSualainn (mar a leagtar amach in 11091/25).

2. I gcomhréir le hAirteagal 10(4) den Rialachán ón gComhairle, d'fhéadfadh aon Bhallstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige, i dtuairim réasúnaithe a chuirtear faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, cur i gcoinne an dréachtdearaidh atá molta ag an mBallstát eisiúna, más rud é gur dhócha go mbeadh a chuid saoránach féin míshásta leis.

3. I gcomhréir le hAirteagal 10(5) den Rialachán ón gComhairle, i gcás ina measfadh an Coimisiún nach raibh na ceanglais theicniúla a leagtar amach sa Rialachán ón gComhairle á n-urramú sa dréachtdearadh, bheadh air measúnú diúltach a chur faoi bhráid na Comhairle.

[1] *IO L 194, 2.7.2014, lch. 1.*

4. Níor cuireadh aon tuairim réasúnaithe ná aon mheasúnú diúltach faoi bhráid na Comhairle faoin 8 Iúil 2025, an teorainn ama a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 10(4) agus (5) den Rialachán ón gComhairle.

5. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 10(6) den Rialachán ón gComhairle, meastar an cinneadh lena ndéantar an dearadh thuasluaite a fhormheas a bheith glactha ag an gComhairle an 9 Iúil 2025.[2]

6. Meabhraítear go bhfoilseoidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 10(8) den Rialachán ón gComhairle, an fhaisnéis ábhartha uile maidir le dearaí nua monaí atá i gcúrsaíocht náisiúnta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe/ar an gComhairle an Nóta Faisnéise seo a thabhairt dá n-aire mar mhír 'I/A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh acu amach anseo.

PUBLIC

---

[2] I dtaca leis an teorainn ama 7 lá agus an dáta glactha dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 729/2014 ón gComhairle, cinntear iad i gcomhréir le Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama *(IO L 124, 8.6.1971, lch. 1)*.